# Dhá shaol

**Léigh na ceisteanna. Ansin, éist leis an mír agus líon an tábla.**

| Ceist | Ríona | Tomás |
|---|---|---|
| 1. Cén t-am a éiríonn sé/sí? | | |
| 2. An itheann sé/sí bricfeasta? | | |
| 3. Cad a dhéanann sé/sí ag am lóin? | | |
| 4. Cén t-am a thagann sé/sí abhaile? | | |
| 5. Cad a dhéanann sé/sí san oíche? | | |
| 6. Cad a dhéanann sé/sí ag an deireadh seachtaine? | | |

# Dhá shaol – Script

**Ríona:**
Éirím ag ceathrú tar éis a seacht de ghnáth. Tá cistin againn ag an obair agus ithim mo bhricfeasta ansin gach maidin agus ansin tosaím ag obair ag a naoi a chlog. Ólaim cupán caifé ar leathuair tar éis a deich. Ag am lóin, bíonn lón agam i gcaifé de ghnáth.

Oibrím go dtí a cúig agus téim abhaile ar sé. Déanaim an dinnéar agus ina dhiaidh sin, seinnim an pianó agus léim leabhar.

Ag an deireadh seachtaine, de ghnáth, téim ag siopadóireacht Dé Sathairn le mo chara nó le mo dheirfiúr. Casaim le cairde agus go minic téimid go dtí an teach tábhairne agus ansin go dtí club oíche.

**Tomás:**
Éirím ag a seacht a chlog de ghnáth. Ní ithim bricfeasta sa bhaile – bíonn sé agam sa cheaintín san obair. Tosaím ag obair ag ceathrú go dtí a naoi. Ólaim cupán tae ar cheathrú i ndiaidh a deich. Ag am lóin, ithim san oifig agus ansin téim ag snámh nó ag siúl.

Oibrím go dtí a ceathrú chun a cúig. Tagaim abhaile de ghnáth ar a sé a chlog. Anois is arís, ithim mo dhinnéar i mbialann le mo pháirtí agus téimid abhaile idir a seacht agus hocht. Nuair a théim abhaile, féachaim ar an nuacht. Uaireanta, imrím sacar agus buailim le mo chairde sa teach tábhairne.

Ag an deireadh seachtaine, de ghnáth, imrím leadóg tráthnóna Dé Sathairn. Téim go dtí an phictiúrlann uaireanta nó chuig ceolchoirm.

# Dhá shaol
# Cum Ceisteanna

**Cum ceisteanna atá bunaithe ar an eolas a thugtar sa bhosca 'Gach lá . . . . .'**

***Mar shampla: An éiríonn tú ar a seacht a chlog?***

**Léigh na ceisteanna amach os ard.**

**Ansin freagair na ceisteanna duit féin.**

| **Gach lá . . . .** | **Ceist** |
|---|---|
| éiríonn ar a 7.00 a.m. | |
| itheann bricfeasta ar 7.30 a.m. | |
| thosaíonn ag obair ar 9.15 a.m. | |
| bhuaileann lena chairde am lóin. | |
| thagann abhaile ar 5.30 p.m. | |
| théann go dtí an t-ionad spóirt | |